

CINN-LAE MÍ NA NODLAG

1930	8	Smólach
	9	Naosga
	12	Riabhóg mhóna na preacháin slóigheadh aca
	25	smólach ag ceol Cáthóga ag troid Méanntáin mhór
1931	21	smólach ag ceol Smólach mór ag ceol Dreoilín agus spideog Lasair coille 20 le chéile
	25	meangláin (péire) ins na creiginne
	24	Glasóg dhá nighe féin deargáin sneachta
	11	dreoilín easpuig i Leitir Fraig lon abhann ag an losán
1934	28	mórlach mór ag ceol an bord éanacha
	11	turnstone
1935	24	an bord éanacha

Sé an ceol an tréith is spéiseamháil ag na héanacha. Sé an tréith is mó dá dtréithribh a mheallas spéis daoine ionntu. Tá furmhór na n-éan ceoil ina sost ó dheireadh an tsamhraidh agus má chloisimid port éin sa dubhluachair sé an t-iongantas againn é. Béidh dreoilíní agus spideóg le clos ag portaidheacht ar feadh mí na Nodlag, agus cloisfear freisin an smólach ceoil agus an smólach mór. Tá an smólach ceoil ag ceileabhar ó Lá Samhna, ach níl fonn feadghaile fós ar an lon. “Níl ceol ag na h-éin”, adeir an file agus is fíor dó, beagnach. Tá íoldathacht na n-éan, beagnach chomh spéiseamhail lena gceol agus tá an clumhach nua tagtha orthu faoi láthair, agus an galar cleiteach curtha dóibh ar fad. Ní feictear an chlumhach ina sheagh ar fad go dtí an t-earrach, ach tá an loinnir agus an choinneal le feicéal ann cheana féin.

Foluigheann duilleabhar an tsamhraidh na héin go mór agus cuireann solas geal gréine seachmall ar ár súile, sa gcaoi nach bhfeictear dúinn go minic áille an chlúmhaigh. Níl an oiread coimhthighis ar na h-éanacha beaga, sa gcruatan is a bhíonn de ghnáth. Gantannas na beathadh is cionntiocair leis sin, agus tuigeann loime na gcraon deis againn le na bhfeiceál go maith. Nuair a thig fiche lasair coille isteach, san iothlainn i n-éinfeacht, bíonn deis againn a nglé culaidh maiseamhail a thabhairt faoi deara. Tig an gealbhan cuilinn ar an tor síolach, le hais na fuinneoige agus ní thaobhuigheann sé an t-áitreabh daonna go

ruaigean an cruatán isteach é. Nuair a bhíonn sé ag piocadh agus ag pléasgadh síl, ar bharr an tuir, is postamhla í ná cailín péacach, agus ní le iongantas leat a phostamhlacht nuair a chionns tú datha breaghtha a chlumbaigh.

Níl brollach flann dearg chomh breagh sa gcoill is atá aige, ná druim airgeadha, nó ceann dubh a bhfuil coinneal, chomh lionnrach ann. Tig an riabhóg mhóna isteach san iotlainn, an t-am seo de bhliain. Níl aon ghléidhach ar an gclúmhach, aice agus ní bhíonn i n-aon ráithe. Is amhlaidh atá culadh riabhach aice, a bhfuil gach lé stríoc donn agus dubh ann, ar a druim agus donn agus buidhe ar a brollach. Bíonn loinnir bhuidhe ar a druim sa ngeimhreadh. Luigheann an chlumhach go dlúth snasta ar a chéile, agus tugann an measgán dath agus an snas taithneamh don tsúil.

Ní ísligheann na meanntáin fhada, de ghéaga arda an chrainn, ach is féidir gréas an earball fhada a fheicéal, suas uainn mar is ar íochtar an earball atá sé. Tá an gréas daithte sa gcaoi, go gceapfa gor ndearnadh le sguabín é.

Ní feictear an ghlasóg cinn-leath ar an tsráid, ná ar an mbóthar ach, go h-annamh. Is minic ámhthach a gnáthóg in aice le áitreabh daonna, agus is minic le feicéal í timcheall na ghnáthóighe gach am den bhlain. Níl éan beag, is síogamhla ná í ina bealach agus tá brollach agus bolg aice, chomh buidhe leis an mbuidhe mór. Glé bhuidhe, a bhuidhe sise atá go taithneamhach le feicéal, faoi na sgiatháin dubha.

Gaol don éan maiseamhail seo an glasóg shráide, Siubháinín an bhóthair. Tá dhá dhath aice, gorm agus bán agus téigheann dríob na sráide go dona don dá dath chéadna agus is minic culaidh salach aice. Glanann sí í féin i n-uisge reatha. Chonnaic mé lá seaca í, maidín lae Nodlag, dhá tiomadh féin i sruibhlán fíor-uisge.

Bhí sí thar áithneachtáil leis an dríob reoidhthe a bhí ina crusta ar a gclumhach. D'ísligh sí den bhalla ar cholbha an uisge agus shiubhail sí isteach sa tanaidhe agus thosuigh lom díreach dhá h-ionlidh féin, leig sí ceann agus brollach faoi'n sruith. Chaith sí an t-uisge siar ar a druim agus chraith sí an dríob de na sgiatháin. Sháith sí an t-earball faoi'n uisge agus leis an gcraitheadh a rinne sí, cuireadh spréacharnach beag braon i n-áirde. D'éirigh sí aníos ar an mballa agus chraith sí gach braon uisge as a gclúmhach. Annsin thosuigh uirthé sí dhá cluimhríú féin, agus ba ghearr go raibh a casmhalacht féin arís uirthé.

Ní heol dom aon chlumhach chomh glé-geal, le clumhach brollaigh an mheangláin, dreapadóir beag na gcrann, a bhfuil an oiread sin eolais bailighthe faoi ag an Athair Ó Cinnéide. Chídhfidh tú é ag snámhghail suas ar chairt an chrann. Tá an druim an-dorchadha agus ní móide go bhfeicidh tú chor ar bith é, mara mbeidh tú ag dearcadh ón leathtaobh.

Níl éan coimhthigheach é, agus tig leat an crann a thaobhachtáil, agus chuile ghné dá chulaidh a dhearcadh go grinn. Tá cóta agus caipín dorchá air, agus is gile ná sgilling, ar a brollach a bhíos i gcomhnaidhe teannta i n-aghaidh an chrainn. Níl an chlúmhach duilleabhair ar an dreoilín easpuig faoi láthair agus nuair a chromann sé a cheann bíonn deis again an stríocadh dearg ar a bhaitheas a fheicéal. Is as an stríocadh dearg sin a baisteadh é.

Ní maith liom focal molta ar bith a thabhairt do na héanairíbh ná fóghailéaraí, ach is aca atámuid faoi chumaoín faoi aon rud amháin, feichas an éadail an tseilg, muna mbeadh iad-

san ní bheadh grinn- dearcadh le fagháil again ar na héanacha fiadháine an patruisge, an chearc fhraoigh, an creabhar coach, an naosgach. Is aoibhinn leis na péintéirí na h-éin seo a dhathú ar líon, mar gheall ar dheise a gcluimhaigh agus maise a gcultachta. An glé-dhonn is deise agus an liath is gleoidhthe, is acu atá siad. Comhnuigheann siad sa bhfraoch agus sa bhféar donn-ghlas agus feileann sé dhóibh gan aon clúmhach geal so-fheicse a bheith orthu.

Tig na ladhráin ina sealta beaga, agus na sealta móra, isteach ins na cuanta an mhí seo. Cothuigheann siad na tráigheanna gainimh agus nuair a thig an taoille tuile ortha, tógann siad malairt trágha orthu féin ar eiltreoig. Má chorrúigheann iad nuair a bhíos taoille tráighe aca filleann siad aríst ar an áit chéadna. Ag imtheacht thar an tuinn dóibh is ar éigin a fheiceas tú iad go gcasaidh siad. Casann an cluiche i n-éinfheacht mar ghníos cluiche druideog. Sin é an uair a fheiceas tú gile na gcéadta brollach, mar bheadh taidhbhsí geala ag sginneadh i n-éinfheacht thar an tuinn.

Tá an cuartóir cloch, ag seolaidheacht ar na tráigheanna faoi láthair, agus ladhrán gheala, agus na breacóga (an donn-ladhrán) agus chonnaic mé an lá cheanna, ós cionn ceithre fichhead feadóg féinneach i n-éan chluiche amháin ar thráigh an Spidéil.

Nótaí

onfais ar an bhfairrge tossing
glé
glé-thuigreach
gréasa
gréas design
Patruisge
cearc fhraoigh
creabhar caoch.

10	Smolach mór
6	lasair coille
3	gealbhan cuilinn riabhóg mhóna
7	meanntán fada
4	glasóg cinnliath
5	glasóg shráide meanglán
2a	dreoilín easpuig
9	partuisge
1	cearc fraoigh
2	creabhar cnoch
8	naosgach.

Tá an t-earrach dá fogairt ag cuid de na h-éanacha cheana féin. Beidh an smolach ceoil agus an smolach mór ag ceileabhar níos minice gach lá seasta agus éanacha ceoil a bhí ina sost ar fad le tamall maith, beidh said a labhairt go binn. Chualas an riabhóg ag cleachtadh a phoirt

corr uair roimhe lá fhéile Brighde agus an gealbhán chátha. Bogann an gealán gréine na héanacha beaga chun ceoil. Má bhíonn lá breagh againn cloisfear an meanntán mór agus an fhuiseog, b'fhéidir. Ní chlisfidh an spideog orainn, lá ar bith agus labhróchaidh an dreoilín donn agus an dreoilín easpuig.